



Tuairisc Aontaithe ó chruinniú an Bhord Bainistíochta ar Dhéardaoin an 26ú Deireadh Fómhair 2023 ag 7:30 i.n. i seomra 6 i nGaelscoil Raifteirí. Seo a leanas an tuairisc chomhaontaithe ón gcruinniú sin.

The Agreed Report from the Board of Management meeting on Thursday, the 26th of October 2023 at 7:30 p.m. in the staffroom in Gaelscoil Raifteirí. The following is the agreed report from the meeting.

- 1. Rinne an Bord comhbhrón le Múinteoir Fiona Ní Bhroin agus a fear chéile Brian, ar bhás máthair Brian - Bernie Gilligan le déanaí. Ar dheis Dé go raibh a hanam dílis. The Board of Management expressed their condolences to teacher Fiona Ní Bhroin and her husband Brian, on the recent death of Brian's mother Bernie Gilligan. May her gentle soul rest in peace.*
- 2. Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar Ráiteas agus Measúnú Riosca um Chosaint Leanaí na scoile faoi "Nósanna Imeachta Nua um Chosaint Leanaí (athbhreithnithe 2023)" agus de réir ciorclán 0036/2023. Tá an t-athbhreithniú, ráiteas agus an fógra nuashonraithe sa halla iontrála chuig an scoil agus ar an shuíomh ghréasáin na scoile freisin. The Board of Management reviewed the schools Child Protection Statement and Risk Assessment under the "New Child Protection Procedures (revised 2023) and in accordance with Circular 0036/2023. The updated review, statement and notice are displayed at the entrance hall to the school and also on the school website.*
- 3. Mhol an Bord Bainistíochta na páistí go léir a ghlac páirt sna trialacha trastíre Mhaigh Eo le déanaí ó R.4 – R.6, agus rinne siad rún comhghairdeachas le Freya i R.5 a ghnóthaigh an 5ú háit i gChraobh Chonnachta i dTuaim. The Board of Management praised all the children who took part in the Mayo Cross Country Trials recently from 4th – 6th class, and congratulated Freya in R.5 for securing 5th place in the Connaught final in Tuam.*
- 4. Chuir an Bord Bainistíochta fáilte roimh na páistí Naíonáin Bheaga agus chuir siad fáilte ar ais roimh gach rang eile sa scoil. The Board of Management welcomed the new Junior Infants and welcomed back all other classes in the school.*
- 5. Mhol an Bord Bainistíochta an obair a rinneadh le linn laethanta saoire an tsamhraidh, péinteáil na seomraí réamhdhéanta seachtracha, uasghrádú ar dhromchla na gcosán céadfach, urlár nua i Seomra 4, scáileán cliste i seomra 7 agus binsí nua sa seomra comhoibríthe san áireamh. The Board of Management praised the work carried out over the summer holidays including the painting of external prefabs, sensory path resurfacing, fitting of new floor in room 4, smart screen in room 7 and new benches in the collaboration room.*
- 6. Ghabh Fiontán, Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta buíochas le gach ball den Bhord Bainistíochta atá ag dul as oifig as a gcuid ama agus a gcuid oibre crua ag tacú le rialachas na scoile don téarma 2019-2023. Fiontán, the chairperson of the Board of Management thanked all members of the outgoing Board of Management for their time and hard work in supporting the governance of the school during the 2019-2023 term.*
- 7. Tacaíonn an Bord Bainistíochta le Coiste na dTuismitheoirí ag tabhairt rogha do thuismitheoirí na scoile a bheith rannpháirteach i "gCód deonach gan Fón Cliste" a bheith ag a bpáistí fhaid is atá siad sa bhunscoil. The Board of Management support the Parents Committee in giving a choice to parents to participate in a "No Smartphone Voluntary Code" for their children while they are in primary school.*
- 8. Mhol an Bord Bainistíochta iarrachtaí an príomhoide, múinteoirí, cúntóirí agus páistí maidir le plan scoile na folláine a chur i gcrích. The Board of Management praised the efforts of principal, teachers, and children in relation to the implementation of the school wellbeing plan.*
- 9. Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus daingniú ar na polasaíthe seo a leanas: Polasaí maidir le Poist Chomh Roinnte, Polasaí um Chosaint Sonraí Ginearálta agus Polasaí Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta. The Board of Management reviewed and ratified the following policies: Job Sharing Policy, GDPR Policy and RSE Policy.*
- 10. Thug an Bord Bainistíochta ardmholadh do Choiste na dTuistí atá ag dul as oifig, as a dtacaíochta agus a dtiomantas don scoil sa scoilbhliain 2022-2023. The Board of Management commended the outgoing Parents Committee for their support and commitment to the school in the 2022 -2023 school year.*

Tá dáta an chéad Cruinniú Boird eile le socrú - The date for the next board meeting is to be confirmed.
